



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

census
2011
RESULTS
www.cso.ie

Preas Ráiteas **Press Statement**

Torthaí Daonáirimh 2011

Próifíl 6 Imirce agus Éagsúlacht – Próifíl na hÉagsúlachta in Éirinn

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú gur mhéadaigh líon na náisiúnach neamh-Éireannach ag maireachtáil in Éirinn ó 224,261 duine in 2002 go 544,357 in 2011, méadú 143 faoin gcéad i gcaitheamh na tréimhse naoi mbliana.

Léiríonn foilseachán an lae inniu, “*Próifíl 6 – Imirce agus Éagsúlacht – Próifíl na hÉagsúlachta in Éirinn*” [*Profile 6 Migration and Diversity – A Profile of Diversity in Ireland*], próifíl de chuid na náisiúnach neamh-Éireannach ag maireachtáil in Éirinn i mí Aibreáin 2011, mar aon le roinnt torthaí ar imirce úrnua, teangacha iasachta agus cumas labhartha an Bhéarla.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo breis anailíse ar an daonra neamh-Éireannach ag maireachtáil in Éirinn tráth ama an daonáirimh dheireanaigh. Déantar iniúchadh inti ar ghnéithe ar nós teaghlaigh um náisiúntacht mheasctha, struchtúr aoise agus stádas pósta, líon na neamh-Éireannach i mbailte, mar aon le sonraí nua ar chumas labhartha an Bhéarla de réir bliain sroichte in Éirinn.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Tá Éire forbartha mar shochaí thar a bheith éagsúil le deich mbliana anuas agus is méadaitheach an tionchar atá ag na náisiúntachtaí difriúla ar an ngeilleagar agus an sochaí trí chéile. Soláthraíonn an tuarascáil seo a thuilleadh anailíse agus torthaí ó dhaonáireamh 2011 i ndáil leis an ngrúpa tábhachtach seo. Tá a thuilleadh sonraí ar na torthaí seo, agus ar shonraí daonáirimh uile, ó leibhéal an chontae síos chomh fada le leibhéal na mbailte, na dtoghanna agus na gCeantar Beag, ar fáil ar an leathanach daonáirimh de shuíomh gréasáin an CSO.

Buaicphointí na tuarascála

Náisiúnaigh neamh-Éireannacha ag maireachtáil in Éirinn

Bhí líon iomlán de chuid 544,357 náisiúnach neamh-Éireannach ag maireachtáil in Éirinn i mí Aibreáin 2011, ag ionadú 199 náisiún difriúil.

Tá an fás i líon na náisiúnach neamh-Éireannach ag leanúint ar aghaidh ó 2006 i leith, cé gur ar luas níos moille ná mar a bhí i gceist i mblianta níos luaithe. Méadaigh an uimhir iomlán faoi 124,624 i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana go dtí Aibreán 2011, ag léiriú méadú 30 faoin gcéad san iomlán.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NII)



+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cso.ie
www.cso.ie

Mhéadaigh náisiúnaigh na Polainne faoi 93.7 faoin gcéad ó 2006 i leith, ó 63,276 go 122,585 in 2011, á ndearbhú mar an grúpa is mó chun tosaigh ar náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe le 112,259.

An áit ina bhfuil cónaí orthu

Bhí an líon is mó náisiúnach neamh-Éireannach ag contaetha riaracháin Chathair Bhaile Átha Cliath (88,038 duine), Fhine Gall (49,517) agus Chontae Chorcaí (42,886) leis an líon is ísle i gcontaetha Liatroma (3,703) agus an Longfoirt (5,477). Chonacthas an méadú is airde i bhFine Gall (+15,151 duine), le Cathair na Gaillimhe ar an áit is ilchultúrtha le 19.4 faoin gcéad dá cónaitheoirí á dtaifeadadh mar náisiúnaigh neamh-Éireannacha.

Struchtúr aoise agus inscne

Bhí náisiúnaigh neamh-Éireannacha scoilte ar bhonn cothrom go maith i dtéarmaí inscne i mí Aibreáin 2011, le 271,864 fireann agus 272,493 baineann. Bhí 60 faoin gcéad san aoisghrúpa 22 – 44 bliana, i gcomparáid le 32 faoin gcéad i gcás na náisiúnach Éireannach.

Stádas Pósta

As an 465,788 náisiúnach neamh-Éireannach in Éirinn d'aois 15 agus os cionn sa bhliain 2011, bhí díreach faoi bhun leath díobh (49%) pósta i gcomparáid le 47 faoin gcéad den daonra Éireannach. Bhí an líon daoine scartha nó colscartha níos airde i measc na náisiúnach neamh-Éireannach ag 7.9 faoin gcéad in 2011, i gcomparáid le 5.3 faoin gcéad i gcás na náisiúnach Éireannach.

I measc na náisiúntachtaí, bhí sé níos dóchúla go mbeadh náisiúnaigh Síneacha d'aois 15 agus os cionn singil (51.5%), le náisiúnaigh Indiacha níos dóchúla a bheith pósta (82.4%).

Socruithe maireachtála

Ar an gcineál líon tí ba choitianta i measc na náisiúnach neamh-Éireannach uile bhí lánúin le leanaí ag seasamh le haghaidh 34 faoin gcéad de líonta tí, cóngarach go maith do líonta tí faoi cheann náisiúnaigh Éireannaigh ag 35 faoin gcéad.

B'ionann líonta tí aon duine amháin agus 17 faoin gcéad de líon iomlán na líonta tí faoi cheann náisiúnach neamh-Éireannach i gcomparáid le ceann as gach ceithre líon tí Éireannach, mar thoradh i bpáirt ar líon níos airde na nÉireannach níos sine ag maireachtáil leo féin.

I measc náisiúntachtaí le 1,000 duine nó níos mó bhí an céatadán is airde de líonta tí aon tuismitheora ag líonta faoi cheann náisiúnaigh Nigéaraigh, ag 33 faoin gcéad. Bhí sé seo i gcomparáid leis an meán de chuid 10 faoin gcéad i gcás iomlán na líonta tí neamh-Éireannach in 2011.

Áit Bhreithe

Bhí 25,198 náisiúnach neamh-Éireannach a rugadh in Éirinn. Bhí náisiúnaigh na Polainne ar an ngrúpa aonair is mó, le 8,928 duine, á leanúint ag náisiúnaigh na Liotuáine (2,018), náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe (1,921) agus náisiúnaigh na Laitvia (1,199).

Rugadh 241,221 náisiúnach Éireannach lasmuigh den Stát. Rugadh an tromlach acu (178,945) sa Ríocht Aontaithe, á leanúint ansin ag Stáit Aontaithe Mheiriceá (16,703), an Astráil (3,220), Ceanada (2,524) agus an Afraic Theas (2,440).

Stádas eacnamaíoch

Bhí 268,180 náisiúnach cónaithe neamh-Éireannach i mbun oibre in Éirinn i mí Aibreáin 2011 arbh ionann sin agus 15.1 faoin gcéad de líon iomlán na n-oibrithe ag an am úd. Sheas náisiúnaigh na Polainne agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh 43.4 faoin gcéad de na hoibrithe seo (116,375), leis an 151,805 oibrí eile ag teacht ó líon iomlán 185 náisiún difriúil.

Sheas líon na náisiúnach neamh-Éireannach ag tabhairt aire don líon tí/teaghlach ag 37,164, figiúr arbh ionann é agus 8 faoin gcéad de líon iomlán na náisiúnach neamh-Éireannach. Bhí sé seo i gcomparáid le 9.7 faoin gcéad i gcás na náisiúnach Éireannach.

Tuilleadh/...

Mic Léinn

Bhí 49,915 dalta agus mac léinn neamh-Éireannach d'aois 15 agus os cionn sa bhliain 2011, ag seasamh le haghaidh 10.7 faoin gcéad de líon iomlán na náisiúnach neamh-Éireannach san aoisghrúpa seo. Bhí náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar an ngrúpa is mó (8,277 duine), á leanúint ansin ag Polannaigh (4,586), Síniigh (3,533) agus Nigéaraigh (2,860).

Náisiúnaigh scortha na Ríochta Aontaithe

Bhí 19,619 náisiúnach scortha neamh-Éireannach ag seasamh le haghaidh 4.2 faoin gcéad de líon iomlán na náisiúnach neamh-Éireannach d'aois 15 agus os cionn. Bhí náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar an ngrúpa is mó i bhfad le 14,754 duine ag seasamh le haghaidh 75 faoin gcéad den lucht scortha neamh-Éireannach ar fad. Bhí náisiúnaigh na Gearmáine ar an gcéad ghrúpa eile is mó, le 826 duine scortha.

Oideachas

Sheas cion na náisiúnach neamh-Éireannach le céim nó leibhéal oideachais níos airde acu ag 30.7 faoin gcéad. Bhí an céatadán is airde daoine le céim tríú leibhéal nó níos airde acu ag náisiúnaigh Indiacha (77.3%), á leanúint ansin ag Filipínigh (64.5%) agus náisiúnaigh na Stát Aontaithe (55.9%).

Teangacha á labhairt sa bhaile

Labhair 514,068 duine teanga seachas Gaeilge nó Béarla sa bhaile in 2011. Astu seo náisiúnaigh Éireannacha ba ea 145,919 acu, le Fraincis (41,243 duine), Gearmáinis (16,160) agus Spáinnis (12,590) ar na teangacha is coitianta á labhairt i dteaghlaigh na hÉireann, ag comhfhreagairt do na teangacha iasachta is coitianta á dteagasc i scoileanna na hÉireann.

I measc na náisiúnach Eorpach ag maireachtáil in Éirinn in 2011, bhí Polainnis ar an teanga ba choitianta le 112,811 cainteoir, á leanúint ansin ag Liotuáinis, Rúisis, Rómáinis agus Laitvis.

Bhí cion ard de náisiúnaigh na Liotuáine nach raibh in ann Béarla a labhairt go maith nó nach raibh in ann é a labhairt in aon chor (29.9%). Bhí rátaí níos airde ná an meán ag náisiúnaigh na Somáile (29.5%), na Laitvia (28.8%), na Polainne (24.5%), na Brasaíle (24.3%) agus na Síne (23.9%) nach raibh in ann Béarla a labhairt go maith nó nach raibh in ann é a labhairt in aon chor.

Imircigh úrnua

Léiríonn torthaí daonáirimh gur náisiúnaigh neamh-Éireannacha ba ea 33,340 duine as an líon iomlán 53,267 duine a thuirling in Éirinn sa bhliain roimh mhí Aibreáin 2011. Bhí náisiúntacht Eorpach ag formhór na ndaoine a thuirling sa tír, le náisiúnaigh na Polainne ar an ngrúpa is mó (4,112), á leanúint ansin ag náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe (4,072). Bhí dhá thrian idir aois 15 agus 34. Daoine singil (59.7%) ba ea formhór an lucht tuirlingthe, le 22.7 faoin gcéad acu pósta.

Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:

Shaun McLaughlin on (01) 895 1474.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie